Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14989/18**

**RECH 512**
**COMPET 833**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14516/18 |
| Ábhar: | Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh 30/11/2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde", a ghlac an Chomhairle ag an 3655ú cruinniú dá cuid ar an 30 Samhain 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## MAIDIR LE RIALACHAS AN LIMISTÉIR EORPAIGH TAIGHDE

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH an méid seo a leanas

AG MEABHRÚ DI

– a Conclúidí in 2012 maidir le "Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás"[1] inar comhaontaíodh na Tosaíochtaí LET atá ann faoi láthair;

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach in 2013[2] inar iarradh go mbeadh an Limistéar Eorpach Taighde ag feidhmiú go hiomlán faoi dheireadh 2014 mar chuspóir polaitiúil lena gcuirfí luas faoi na hathchóirithe struchtúracha sna córais náisiúnta;

– a Conclúidí ó mhí na Bealtaine 2015 maidir le "Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020"[3], a bhí mar bhunús do Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta LET na mBallstát;

– a Conclúidí ó mhí na Nollaig 2015 maidir le "Athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde"[4] a bhí mar bhunús le cuíchóiriú an struchtúir chomhairligh, inar leagadh amach go ndéanfaí an chéad phróiseas athbhreithnithe tríbhliantúil ar struchtúr comhairleach LET in 2018;

---

**1** 17649/12
**2** EUCO 169/13
**3** 9351/15
**4** 14875/15

– a Conclúidí ó mhí na Nollaig 2015 dar dteideal "An comhionannas inscne a chur chun cinn sa Limistéar Eorpach Taighde"[5], inar leagadh béim ar a riachtanaí a bhí sé athruithe institiúideacha agus cultúrtha inbhuanaithe a chothú i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta LET, nó straitéisí a fhorbairt chun an Treochlár LET a chur chun feidhme agus tosaíocht a thabhairt do chomhionannas inscne a bhaint amach agus gné na hinscne a áireamh in ábhar agus i gcláir Taighde agus Nuálaíochta (T&N);

– a Conclúidí ó mhí na Nollag 2017 dar dteideal "Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime"[6], inar athdhearbhaigh an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach chun an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt agus a neartú tuilleadh, agus inar leag sí béim ar an ról atá ag an gClár Réime mar an bpríomhionstraim chun tacú le cuspóirí agus cur chun feidhme LET;

– a Conclúidí ón 29 Bealtaine 2018 maidir le "Dlús a chur le cúrsaíocht eolais san AE"[7], inar chuir an Chomhairle in iúl a thábhachtaí a bhí sé tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le beartais na Rochtana agus na hEolaíochta Oscailte mar chuid den Chlár Réime agus níos faide i gcéin, inar leagadh béim ar an ról atá ag an Néal Eorpach Eolaíochta Oscailte ó thaobh eolas a scaipeadh agus inar iarradh go mbainfí amach inbhuanaitheacht fhadtéarmach na mbonneagar taighde;

1. AITHNÍONN SÍ go gcabhrófaí ar bhealach suntasach le go mbeadh an t-éiceachóras Eorpach taighde agus nuálaíochta éifeachtach comhsheasmhach, agus go gcuirfí le feabhas a fheidhmíochta foriomláine dá ndéanfaí go raibh an Limistéar Eorpach Taighde (LET)[8] dea-fheidhmitheach, agus go dteastaíonn cur chuige sistéamach i ndáil le LET; Is DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, na hiarrachtaí a rinne na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach tar éis an Rúin ón gComhairle i mí an Mheithimh 2000[9] lenar bunaíodh an Limistéar Eorpach Taighde (LET) tar éis na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2000[10];

---

5 14846/15
6 15320/17
7 9507/18
8 LET mar a sainmhíníodh in Airteagal 179 CFAE
9 IO C 205, 17.7.2000, lch. 1.
10 100/00

2. AITHNÍONN SÍ an mór-ról straitéiseach atá á imirt ag CLETN ó thaobh comhairle a chur ar an gComhairle le háirithiú go mbainfidh an Eoraip an leas is mó as an infheistíocht T&N ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar chumas iomaíochta domhanda na hEorpa, tacú le méadú na fostaíochta, feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála do shaoránaigh agus an scoilt T&N san Aontas Eorpach a laghdú;

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach agus iad ag obair le chéile chun LET a neartú, lena n-áirítear tríd an 9ú Clár Réime "Fís Eorpach", agus ag comhoibriú le tíortha atá comhlachaithe leis an gClár Réime um Thaighde (Tíortha Comhlachaithe) agus le geallsealbhóirí ábhartha ó earnáil na heolaíochta, an ghnó agus ón tsochaí;

**GARSPRIOCANNA LET**

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil roinnt dul chun cinn bainte amach ó thaobh LET a fheabhsú i ngach grúpa a bhaineann le LET agus a bhfuil na tosaíochtaí LET á gcur chun feidhme aige, ar garspriocanna tábhachtacha iad don Limistéar Eorpach Taighde;[11] IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí a rinne CLETN in 2018 chun athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar struchtúr comhairleach LET mar a leagtar amach i dTuairim CLETN an 18 Meán Fómhair 2018 é[12];

---

**11** Tuarascáil Bhliantúil CLETN 2017, 1206/18
**12** 1209/18 agus 1209/18 ADD1

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige nua don bheartas comhpháirtíochta Eorpach maidir le Taighde agus an Nuálaíocht, beartas atá faoi thionchar Mheitheal ad hoc CLETN maidir le Comhpháirtíochtaí, agus gur tugadh isteach sásra nua sa togra maidir leis an bhFís Eorpach chun comhpháirtíochtaí T&N de chuid an Aontais Eorpaigh a roghnú, a chur chun feidhme, a fhaire, a mheas agus a chéimniú amach; IS FADA UAITHI go dtíolacfaidh an Coimisiún togra do CLETN i mí na Nollag 2018 faoi chreat na gcritéar do chomhpháirtíochtaí agus don Phróiseas Comhordúcháin Straitéisigh do shaolré iomlán na gcomhpháirtíochtaí T&N in idirghníomhaíocht leis an bPleanáil Straitéiseach don Fhís Eorpach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart don phróiseas um chomhordú straitéiseach a bheith lánoibríochtúil faoi Bhealtaine 2019, ach gur cheart luathchomhairliúchán struchtúraithe a dhéanamh leis na Ballstáit agus na Tíortha Comhlachaithe maidir le haon tionscnamh comhpháirtíochta T&N a bheadh le cistiú faoi Fhís Eorpach ar bhonn an Mheasúnaithe Tionchair Tosaigh, sa chás ina gceapfaí go rabhthas chun tosú lena ullmhúchán sula mbeadh an próiseas um chomhordú straitéiseach bunaithe go foirmiúil; LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá sé i gcónaí go mbeadh gníomhaíochtaí comhordúcháin agus líonraithe ar siúl idir na Ballstáit i ndáil le tosaíochtaí an Aontais agus ábhair eile nach iad, mar chuid den obair a bhaineann le LET;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb ann don Chlársceidealú LET le deich mbliana anuas anois in 2018, agus deich gcinn de Thionscnaimh Chomhphleanála (TCPanna) curtha i gcrích; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méid a bhain foirmíocht thiomanta CLETN, an Grúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach (GPC), amach ó thaobh forbairt straitéisí fadtéarmacha do TCPanna a chothú, agus sásra faireacháin á bhunú don dul chun cinn náisiúnta sa réimse sin; agus gur bunaíodh creat nua meastóireachta do TCPanna féideartha nua agus do TCPanna atá ann cheana; ATHDHEARBHAÍONN sí a ábhartha atá sé i gcónaí aghaidh a thabhairt ar bhealach comhpháirteach ar dhúshláin dhomhanda, go háirithe sna TCPanna, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag tacú leis an bpróiseas clársceidealaithe chomhpháirtigh agus leis na tionscnaimh chomhphleanála, i gcomhréir le cuspóirí beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Straitéise agus nuashonrú 2018 ar Threochlár ESFRI[13]_, agus IARRANN SÍ ar ESFRI an chéad nuashonrú eile ar Threochlár ESFRI sa bhliain 2021 a ullmhú, agus a ról straitéiseach a neartú aige i gcomhthéacs athraitheach an bhonneagair taighde; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dara Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Rialachán ERIC[14], agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an chéad Tuarascáil eile faoi chur chun feidhme ERIC a thíolacadh faoi 2022; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá le bearta iomchuí chun úsáid na hionstraime ERIC a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le réiteach inghlactha le haghaidh na díolúine CBL do ranníocaíochtaí comhchineáil, le hinfheistíochtaí a spreagadh i ERICanna agus i mBonneagair i ndáil le Treochlár ESFRI, leis an rochtain thrasnáisiúnta agus an rochtain oscailte ar Bhonneagair Eorpach Taighde a mhéadú agus feabhas a chur ar a n-inbhuanaitheacht airgeadais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus ar na Bonneagair uile-Eorpacha Taighde a gcuid seirbhísí a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta agus dul i dteagmháil le comhaltaí nua idirnáisiúnta;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí comhbheartaithe agus comhordú maith a bheith ann idir LET agus an Clár Réime, lena n-áirítear Fís Eorpach amach anseo, le go bhforbrófar margadh saothair do thaighdeoirí san Eoraip, agus don bheartas Eolaíochta Oscailte chun feabhas a chur ar aitheantas agus ar shásraí luaíochta, mar aon le scéimeanna forbartha scileanna do thaighdeoirí; IARRANN SÍ ar na páirtithe rannpháirteacha uile cineál cothrománach an chomhionannais deiseanna agus na heolaíochta oscailte a aithint go háirithe i dtaca le taighdeoirí luathchéime agus iarrthóirí dochtúireachta;

13 http://roadmap2018.esfri.eu/
14 11022/18

9. IARRANN SÍ ar CLETN, lena n-áirítear an Bhuanmheitheal um Acmhainní Daonna agus Soghluaisteacht, a dhícheall a dhéanamh chun feabhas a chur ar na sineirgí idir LET agus an Limistéar Eorpach Ardoideachais maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an ardoideachas, an oiliúint, gairmeacha taighde agus an triantán eolais; agus i ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is díol spéise di na teachtaireachtaí maidir le nasc níos fearr a chur chun cinn idir an t-ardoideachas agus an taighde in "Communiqué Pháras" an 25 Bealtaine 2018[15];

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair atá déanta ag Buanmheitheal CLETN maidir le Comhionannas Inscne sa Taighde agus sa Nuálaíocht i ndáil leis na treoirlínte comhpháirteacha chun gné na hinscne a chomhtháthú sa chomhar idirnáisiúnta san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN), mar aon le foirmíocht thiomnaithe CLETN, an Fóram Straitéiseach don Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SFIC), lena n-áirítear na moltaí faoin gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas inscne san Fhís Eorpach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis imní di nach ar an gcaoi iomlán chéanna a bhfuil Tosaíocht 4 LET maidir le cúrsaí inscne á cur chun feidhme sna Ballstáit ar fad, rud a mbíonn tionchar aige ar chur chun feidhme dálaí oibre a bheadh cothrom agus cothromaithe i dtéarmaí inscne sa taighde san Eoraip; IS DÍOL SÁSAIMH DI na comhiarrachtaí atá déanta ag SFIC agus Buanmheitheal CLETN maidir le hInscne sa T&N mar shampla den dea-chleachtas don chomhar idir Tosaíochtaí éagsúla LET;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méid a rinneadh, lena n-áirítear obair Bhuanmheitheal CLETN maidir leis an Eolaíocht Oscailte agus an Nuálaíocht, chun an Néal Eorpach Eolaíochta Oscailte (EOSC) a sheoladh**,** ar cloch mhíle thábhachtach é le go mbeidh na sonraí taighde ar fad in LET cothrom[16]; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé creat fónta rialachais a dhéanamh do EOSC arna chomhordú leis na Ballstáit lena gcumasófar na comhphobail eolaíochta agus a bheidh in ann forbairt in imeacht aimsire; IARRANN SÍ ar na páirtithe rannpháirteacha go léir EOSC a chur chun feidhme go hiomlán in am trátha, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról tábhachtach atá ag na bonneagair taighde sa chomhthéacs sin; MEABHRAÍONN SÍ an gá le comhordú éifeachtach idir EOSC agus ESFRI, lena n-áirítear ar an leibhéal rialachais;

---

**15** *Communiqué Pháras, Conférence ministérielle européenne pour l''enseignement supérieur*, 25 Bealtaine 2018. http://www.ehea.info/media.ehea.info/file/2018_Paris/77/1/EHEAParis2018_Communique_final_952771.pdf

**16** Inaimsithe, Inrochtana, In-idiroibrithe agus In-athchúrsáilte.

12. I bhfianaise forbairtí nua i réimse an aistrithe eolais, e.g., an Nuálaíocht Oscailte, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún filleadh ar a mholadh ón mbliain 2008 maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais, maille le Cód cleachtais na n-ollscoileanna agus forais phoiblí taighde eile le go bhféadfar tionchar T&N a neartú tuilleadh tríd an aistriú eolais;

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus, i gcás inarb iomchuí, ar ghníomhaithe príobháideacha, agus ar ENRanna agus saoránaigh freisin, iarracht níos mó a dhéanamh i gcomhthéacs SFIC, i ndáil le comhordú níos dlúithe sa chomhar idirnáisiúnta, *inter alia* trí chruinnithe comhpháirteacha agus b'fhéidir comhaontuithe i ndáil le heolaíocht agus teicneolaíocht, chomh maith le tuilleadh gníomhaíochtaí iltaobhacha, lena n-áirítear go mbainfear amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, trína ndéanfaí sineirgí agus breisluach a chruthú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach; sa chomhthéacs sin, ba cheart gníomhaíochtaí faoi "Fís Eorpach" a chur san áireamh freisin;

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach in 2018 dar teideal "Eolaíocht, Taighde agus Feidhmíocht Nuálaíochta an Aontais"[17], mar fhianaise luachmhar i ndáil le staid na himeartha éiceachóras taighde agus nuálaíochta an Aontais; AITHNÍONN SÍ an feabhas san fheidhmíocht nuálaíochta san Aontas ó 2010 i leith, mar a thuairiscigh an "Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2018"[18]; ach mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is ábhar imní di gur neamhchothrom an fhorbairt ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde, agus sa chomhthéacs sin LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé gurbh fhearr a bheadh LET in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite;

---

[17] An Coimisiún Eorpach, *Science, Research and Innovation Performance of the EU 2018, Strengthening the foundations for Europe's future*, [Eolaíocht, Taighde agus Feidhmíocht Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh 2018, an dúshraith a neartú le haghaidh thodhchaí na hEorpa], 2018, https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/rec-17-015-srip-report2018_mep-web-20180228.pdf

[18] An Coimisiún Eorpach, *European Innovation Scoreboard* [Scórchlár Eorpach Nuálaíochta] 2018, https://ec.europa.eu/growth/industry/innovation/facts-figures/scoreboards_en

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige nua atá ag CLETN trína mbíonn díospóireachtaí beartais straitéisigh á reáchtáil ar bhonn rialta chun an meascán beartais taighde agus nuálaíochta a fhorbairt tuilleadh do LET; AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach is féidir a bheith ag na díospóireachtaí beartais straitéisigh sin ó thaobh fóram a chur ar fáil do na Ballstáit chun tuiscint níos fearr a fháil ar a éifeachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach atá na beartais agus na huirlisí atá acu, chun tosaíochtaí LET a chur chun feidhme agus chun cuspóirí níos ginearálta eacnamaíochta agus sóisialta de chuid na hEorpa a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an fhianaise a comhaontaíodh a bhailiú maidir le ceapadh agus tionchar na mbeartas T&F, lena n-áirítear trí leanúint lena chomhar le OECD, ar fianaise í a d'fhéadfadh a bheith ina hionchur don cheapadh beartais náisiúnta;

**ATHBHREITHNIÚ STRUCHTÚR COMHAIRLEACH LET**

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuairim ó CLETN maidir leis an Athbhreithniú ar Struchtúr Comhairleach LET, agus IARRANN SÍ ar CLETN agus na grúpaí eile a bhaineann le LET na moltaí a chur chun feidhme go pras trí Phlean Gníomhaíochta in 2019, lena n-áirítear athbhreithniú ar a gcuid sainorduithe de réir mar is iomchuí;

17. AITHNÍONN SÍ gur cheart go leanfadh tosaíochtaí reatha LET de bheith ina mbonn don chomhar idir na Ballstáit, na Tíortha Comhlachaithe, an Coimisiún Eorpach agus eagraíochtaí geallsealbhóirí, idir phoiblí agus phríobháideach, mar chuid de chomhpháirtíocht LET a bheadh níos láidre; Tugann SÍ DÁ hAIRE go leanfaidh Treochlár LET 2015-2020 d'fheidhm a bheith aige, agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus leas á bhaint, ag an am céanna, as éagsúlacht agus pointí láidre na gcóras náisiúnta taighde agus nuálaíochta;

18. LEAGANN SÍ BÉIM AR a ábhartha atá Saoráid Tacaíochta Beartais (STB) Fís 2020 mar ionstraim atá á tacú ag Clár Réime chun beartais a bhaineann le LET a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, gur cheart do na páirtithe ar fad, lena n-áirítear na grúpaí a bhaineann le LET, de réir mar is iomchuí, leas a bhaint as torthaí cleachtaí foghlama frithpháirtí, athbhreithnithe piaraí, agus gníomhaíochtaí sonracha tacaíochta STB agus as fianaise eile a bhaineann le LET, amhail Tuarascáil ar dhul chun cinn LET agus an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta; AONTAÍONN SÍ gur cheart níos mó béime a leagan ar fheabhas a chur ar ábharthacht agus ar thionchar na ngrúpaí a bhaineann le LET;

19. MEASANN SÍ gur féidir na riachtanais atá ag teacht chun cinn i gcomhair ghníomhaíochtaí nua LET a leabú sna Tosaíochtaí reatha LET; AITHNÍONN SÍ cineál cothrománach roinnt gníomhaíochtaí LET, rud a chiallaíonn gur cheart go ndéanfaí breis comhair idir réimsí na dTosaíochtaí LET;

20. IARRANN SÍ go ndéanfaí Struchtúr Comhairleach LET a oiriúnú mar seo a leanas:

– Féachfaidh CLETN ar na roghanna atá ann maidir leis an GPC a athsheoladh chun rannpháirtíocht na mBallstát agus na dTíortha Comhlachaithe a ullmhú sa phróiseas straitéiseach um chomhordú le haghaidh comhpháirtíochtaí, a luaithe a bheidh a dhearadh agus dearadh na misean socraithe san fhóram iomchuí.

– Eagróidh na grúpaí a bhaineann le LET cruinnithe i ndiaidh a chéile nó cruinnithe comhpháirteacha i gcás ina mbeidh go leor sineirgí ann i dtaca le hinneachar agus spriocghrúpaí. Sa mheántéarma, roghanna a scrúdú chun líon na ngrúpaí a optamú agus cumhdach leordhóthanach a áirithiú ar gach gné de Thosaíochtaí LET.

– Ba cheart do na grúpaí ar fad a bhaineann le LET féachaint ar bhealaí chun cur leis an teagmháil dhíreach le heagraíochtaí leasmhara ábhartha LET agus a dhéanamh go mbeadh saineolaithe ardchaighdeáin páirteach ina gcuid oibre.

– Chun an teagmháil a chothú idir lucht beartais LET agus Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA), ba cheart cruinnithe i ndiaidh a chéile a bhunú ar bhonn rialta i ndáil le hábhair ábhartha idir CLETN agus Grúpa Faireacháin Bologna agus/nó Ard-Stiúrthóirí an Ardoideachais.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart éifeachtúlacht agus éifeachtacht struchtúr comhairleach LET a optamú:

– Ba cheart ról treorach CLETN i Struchtúr Comhairleach, LET a choinneáil agus a neartú. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart do CLETN cabhrú leis na grúpaí eile a bhaineann le LET atá faoina fhreagracht le go mbeadh na dálaí oibre is fearr is féidir acu dá n-iarrachtaí chun na spriocanna a leagtar amach sa Treochlár LET a bhaint amach.

– Ba cheart, le sainorduithe na ngrúpaí go léir a bhaineann le LET, go dtabharfaí cuspóirí soiléire do gach grúpa chomh maith le cúraimí nithiúla, inláimhsithe.

– I gcás ábhar atá ag teacht chun cinn agus nach bhfuil cumhdaithe ag grúpaí atá ann cheana, ba cheart go leanfadh grúpaí a bhaineann le LET de mheithleacha ad hoc a bhunú ar feadh tréimhsí teoranta a mbeadh cuspóirí soiléire acu. Ba cheart do na Ballstáit, na Tíortha Comhlachaithe agus an Coimisiún Eorpach a áirithiú go bhfuil an phróifíl iomchuí ar an leibhéal ceart ag na rannpháirtithe i gach cineál grúpa agus ba cheart dóibh féachaint an bhféadfaí an tSaoráid Tacaíochta Beartais a úsáid chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

– Cuirfear leis an gcomhordú idir tosaíochtaí Uachtaránacht na Comhairle agus cláir oibre na ngrúpaí a bhaineann le LET, go háirithe trí na hUachtaránachtaí ar an gComhairle amach anseo a bheith rannpháirteach i mBord Stiúrtha CLETN, ag tosú ó 18 mí roimh a dtéarma.

– Spreagtar an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear a Airmheán Chomhpháirteach Taighde, leanúint den chrostoirchiú a chothú le sainghrúpaí comhairleacha an Choimisiúin agus na grúpaí a bhaineann le LET, más iomchuí, chun dúbailt iarrachtaí a sheachaint, agus chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán an chórais chomhairligh T&N a optamú, e.g., don Líonra Eorpach Meastóireachta um thaighde agus forbairt theicneolaíoch, nó i réimse na heolaíochta oscailte agus na nuálaíochta.

**TODHCHAÍ LET**

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún teachtaireacht nua maidir le ERA don tréimhse i ndiaidh 2020 a fhoilsiú faoi lár na bliana 2020, bunaithe ar fhianaise fhónta, ina bhféadfaí tosaíochtaí athbhreithnithe don bheartas a mholadh mar aon le sásraí rialachais agus faireacháin do LET ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

23. IARRANN SÍ ar Uachtaránachtaí na Comhairle féachaint an bhféadfaí comhdhálacha aireachta a eagrú ar bhonn rialta, ag tosú in 2020 agus an teachtaireacht nua maidir le LET mar bhonn ag an gComhairle chun tosaíochtaí LET nua a bhunú;

24. MEASANN SÍ gur ionstraimí tábhachtacha iad "Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta LET" na mBallstát agus na dTíortha Comhlachaithe chun LET a chur chun feidhme. Teastaíonn uirlis chomhleanúnach éifeachtúil faireacháin i ndáil leis na pleananna sin, uirlis a d'úsáidfí do Thosaíochtaí agus Grúpaí uile LET agus lena gcuirfí na treochláir éagsúla náisiúnta san áireamh agus ar cheart a úsáid ar bhonn deonach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá féachaint ar roghanna lena bhféadfaí "Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta LET" a nascadh níos fearr leis an Seimeastar Eorpach;

25. Ina theannta sin, i bhfianaise dhul in éag "Threochlár LET 2015-2020", MOLANN SÍ go ndéanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, meastóireacht chúramach ar an gcineál seo uirlis ceaptha beartais do LET;

26. IS FADA UAITHI an chéad phróiseas athbhreithnithe eile a dhéanfar i ndáil le struchtúr comhairleach LET, agus é sin roimh 2021, i bhfianaise na teachtaireachta nua a d'fhéadfaí a eisiúint i ndáil le LET agus na torthaí a d'fhéadfadh teacht as an gcéad chomhdháil aireachta LET.